

RÍ IN ÉIRINN A RAIBH MAC AGUS FICHE AIGE

Tháinig rí eile chomh fada leis 'náit a dtáinig dhá chroc fathach 'ghá dhíbirt as an áit féachaint a leigfeadh sé an mac is fiche leis go dtroidfidís iad. Dubhairt sé go leigfeadh. Chuadar in aonfhacht leis agus níor mhair an dá chroc fathach achar ar bith dhóibh go raibheadar marbh acab. Bhí sé an-doimhinn san oidhche nuair a tháinigeadar abaile agus iad trom tuirseach. Níor eirigh aon fhear acab go ceann trí oidhche agus trí lá. "Bhoil mara dteigh sibh thar mo chomhairle" adeir an t-athair, ní ghabhfaidh sib ina leithide sin de áit chúns bheas mise beo aríst."

Tháinig an rí céadhna agus d'iarr sé aríst ar a' rí iad. Dubhairt a' rí nach dtiubhradh "ach teirigh go dtí an mac is sine" adeir sé, "go bhfeicfidh tú céard déarfais sé." "Bhoil dubhairt m'athair" adeir sé, "nach leigfeadh sé ina leithide de áit muid chúns mhairfeadh sé féin beo aríst. Ach teirigh go dtí an mac is óige" adeir an mac is sine "mar sé an fear is fearr agus is misneamhla a'inn é."

Chuaidh sé go dtí an mac is óige agus gheall an mac is óige dhó go ngabhfadh, agus d'imthigh leothab go ndeachadar a raibh an dá chroc fathach. Bhí sé an-deirneach sa lá nuair a bhí na fathaigh marbh acab, agus bhí sé théis a dó dhéag san oidhche nuair a tháinigeadar abhaile. Sé chaoi a raibheadar a' codladh i dteach dhóib féin. "Bhoil" adeir an mac is óige, adeir sé, "ó chuaidh muid thar chomhairle a n-athar ní ceart dhuinn codladh ins an teach anocht, níl fhios againn céard a dhéanfas sé ach gabhfaidh muid sa gcoca féir go maidin go bhfeicfidh muid linn." Ní raibh siad i bhfad sa gcoca féir nuair a chonaiceadar a' t-athair agus teine i mbuicéad aige a' teacht go dtí an teach a mbídís a' codladh ann agus las sé an teach. "Tá an méid sin déanta" adeir an mac is óige, "agus is fearr dhuinn imtheacht anois i ndíadh a gcinn romhainn" adeir sé. D'imthigh leothab ansoin ar maidin agus bhíodar a' siubhal agus a' síor-imtheacht go dtáinigeadar go dtí áit a raibh cheithre crosbhóithrí. "Bhoil an meid a'inn a bhéas beo faoi cheann bliaidhin ó indiu" adeir an mac is óige, "teagaimuid le chéile anseo aríst" adeir sé.

D'imthigh chuile dhuine acab ina bhealach féin agus d'imthigh an mac is óige i mbóthar dhó féin, nach raibh duine ar bith acab in aonfhacht leis ach é féin. Bhí sé 'g imtheacht leis gur casadh rí leis a bhí a' déanamh cúirt agus d'iarr sé obair air agus fuair sé í. Chonnaic a' rí go raibh sé ina fhear thar cionn agus thaithnigh sé an-mhór leis. Dubhairt sé leis dá gcodluigheadh sé i gcúirt a bhí aige go dtiubhradh sé a inghean le pósadh dhó----cúirt a bhí bánuighthe. Dubhairt seisean go ngabhfadh. Nuair a tháinig an oidhche chuaidh sé sa gcúirt. Nuair a bhí píosa maith den oidhche caithte chualadh sé torrann nar chualadh sé a leithide ariamh agus níor chuala sé aon bhlas aríst go maidin ach an torrann. Nuair a tháinig sé go dtí an rí ar maidin "is maith an fear thú" adeir an rí. D'oibrigh sé an lá agus d'fíarfuigh

an rí de aríst a gcodlódh sé oidhche eile ann, agus dubhairt sé go gcodlóchadh. Chuaidh sé ann a' dara oidhche, agus rinneadh torrann ann dhá uair níos mó. Níor chuir sé pioc suim ann. Nuair a tháinig sé ar maidin go dtí an áit a raibh an chúirt dhá déanamh, tháinig an rí chomh fada leis. "Is tú an fear is fearr a chonnaic mé ariamh" adeir a' rí.

D'oibrigh sé an lá sin a'déanamh na cúirte. Tháinig an rí chomh fada leis trathnóna agus d'fuaruigh sé de a' gcodlóchadh sé an tríomhadh oidhche sa gcúirt agus dubhairt sé go gcodlóchadh. Chuaidh sé ann an tríomhadh oidhche agus amach i ndeire na hoidhche fébrí torrann a bhí ann an dá oidhche eile rinneadh a sheacht n-oiread an tríomhadh oidhche agus shíl sé go raibh an chúirt agus a raibh ann ina mhullach. Dhírigh sé aniar agus dubhairt sé fébrí rud a bhí a'déanamh an torainn a thigheacht ina láthair. 'S gearr go bhfaca sé contra dhá cur isteach tríd an bhfuinneog agus rug sé uirthe agus tharraing sé isteach tríd a' bhfuinneog í. "Beidh fhios a'm céard tá innte seo" adeir sé 'gá briseadh agus a' bainnt dí an chláir. Séard a bhí sa gcontra páisde óg. Ní raibh fhios aige ar beo nó marbh a bhí an páisde. Rug sé air agus chuir sé a bhéal le na chluais féachaint a n-aireochadh sé a' tarraingt anála é. B'fhacthas dó go raibh, "ach tiubhrfaidh mé isteach i dteas an éadaigh faoi m'asgail tú" adeir sé leis an bpáisde "agus b'fhéidir go dtiocfá thríd.

'S gearr a bhí sé ins a' leabaidh faoi n'ascail nuair a thosuigh sé a' corruidhe, agus thosuigh sé a méadú agus níorbh fhada go raibh sé chomh mór leis féin. "Sul dhá méaduigh tú níos mó" adeir mac Rí nÉirinn "caithfidh mé fhios fhágáil cé thú féin" ag eirigh as an leabaidh. Rug sé air agus tharraing sé amach as a'leabaidh é. Trioblóid mhór a fuair sé 'gá leagan faoi ar an urlár. Leag sé glúin ar a bholg. "Bhoil is tusa an fear is fearr a chonnaic mé ariamh" adeir a' páisde, adeir sé, "agus is iomdha fear curtha den tsaoghal ins an teach seo; nuair a dhéanainn-se an torrann thuitfeadh an t-anam astab. Séard a bhí ionam-sa sioruidheam agus thóg mé beithidheach éagórach ar bhaintreach bhocht a bhí san áit, agus níl i ndán dom a dhul do na flaithis go deo nó go n-íoctar é. " 'Gá n-iocfainn-se é" adeir mac a' Rí, "a' mbeadh sé ceart?" "Duine a' bith d'íocfadh é" adeir an sioruidheam, bheadh sé ceart."

Chuaidh mac Rí nÉirinn agus a' sioruidheam go dtí teach na baintrigh, agus chuir a' sioruidheam cúl a chos leis an teine ach ní fhaca an bhaintreach é. D'fhiaruigh mac Rí nÉirinn den bhaintreach ar thóg a leithide seo d'fhear aon bheithidheach éagórach uirthe. "Thóg" adeir an bhaintreach, "agus nár mhaithfidh Dia ná Muire dhó é." "Bhoil íocfaidh mise anois é" adeir mac Rí nÉirinn, "má tá tú sásta." "Ó tá go maith" adeir an bhaintreach, duine a' bith a d'íocfadh é bheadh sé ceart. Chuadar amach ansin agus sheas an sioruidheam ar a ghualainn dheas, agus chuaidh sé suas do na flaithis.

Tháinig mac Rí nÉirinn go dtí teach a' rí a raibh cúirt dá dheanamh ann. "Is tú an fear is fearr a chonnaic mé ariamh" adeir a' rí agus tá m'inghean le fágáil le pósadh a'd." Chaitheadar seachtmhain a' caitheamh na bainse. Chuaidh sé féin agus inghean an rí lá amach i gcarr ag déanamh aeir agus chonnaic sé fear a' tigheacht aige sa sliabh. Sé'n obair a bhí air maide bhí aige 'ghá chaitheamh suas ins a' spéir ar feadh amhairc, agus bhíodh sé i ngreim ins a' gcloigeann eile dhe sul a dtigfeadh sé 'na talmhana. Adeir mac a' Rí "fear maith a bhí ionat-sa lá eicínt." Sheas sé an carr agus nó go dtáinig sé chomh fada leis. "A' misde dhom fiaruigh" adeir mac Rí nÉirinn, cé thú féin nó cén fágáil thú bheith mar sin." "Bhoil ní misde"

adeir an fear, seanfhear a bhí ann. “Bhí mac agus fiche agam-sa agus chuadar thar mo chomhairle agus las mé an teach os a gcionn agus cailleadh a máthair le briseadh croidhe, agus d’imthigh mé féin le briseadh croidhe.” Bhí fhios aige ansoin go mba é an t-athair a bhí ann, agus thug sé leis é go teach a chliabhain gur chuir sé éadach air agus go raibh chuile rud ar foghnamh le fágail aige ann.

Faoi cheann seachtmhaine bhí an bhliain shuas ar gheall sé féin agus na dreatháracha a theacht le chéile san áit ar sgaradar le chéile. Tháinig sé ann agus bhí na sgór dreatháracha ann roimhe. Labhair an dreatháir is sine agus dubhairt sé go raibh an fear ab fhear uilig acab ar iarraidh - an mac ab óige.(Rinne sé fear chomh breagh agus nár aithnigheadar é).

Dubhairt sé seo go b’é féin a bhí ann. Thug sé leis iad go teach a mhná agus chuadar féin agus an t-athair abhaile aríst.

19/11/33